An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 23 Márta 2018**
**(OR. en)**

**EUCO 1/18**

**CO EUR 1**
**CONCL 1**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (22 Márta 2018)<br>– Conclúidí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an gcruinniú thuasluaite.

## I. POIST, FÁS AGUS IOMAÍOCHAS

### *An margadh aonair*

1. Iarrann an Chomhairle Eorpach go gcuirfí, roimh dheireadh an timthrialla reachtaíochta reatha, leis na hiarrachtaí chun beart a dhéanamh de bhriathar na Straitéise maidir le margadh aonair, na Straitéise maidir le margadh aonair digiteach, an phlean gníomhaíochta maidir le haontas na margaí caipitil agus an aontais fuinnimh, lena n-áirítear trí scrúdú a dhéanamh go pras ar na tograí is deireanaí ón gCoimisiún. Na cinntí a glacadh cheana, ní mór iad a chur chun feidhme go héifeachtach. Ach súil a chaitheamh níos faide anonn ná cur i gcrích agus cur chun feidhme na straitéisí sin, ní mór don Aontas leanúint de bheith ag obair i dtreo margadh aonair a bheidh oiriúnaithe don todhchaí agus a bheidh cóir, a bheidh oiriúnach don ré dhigiteach agus a bheidh ina chumasóir ag an iomaíochas, an nuálaíocht agus an inbhuanaitheacht. Dá bhrí sin, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún tuairisc a chur faoi bhráid na Comhairle ar staid na himeartha maidir le cur chun feidhme, cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú na reachtaíochta atá ann cheana agus atá fíorthábhachtach le haghaidh fheidhmiú an mhargaidh aonair agus measúnú a thíolacadh ar na bacainní atá fós roimh mhargadh aonair lánfheidhmiúil agus ar na deiseanna atá ann don mhargadh aonair lánfheidhmiúil céanna, agus an tuairisc agus an measúnú sin a chur faoina bráid sula mbeidh plé Chlár Oibre na gCeannairí ann i mí na Nollag 2018. Má tá an tAontas leis an leas is fearr is féidir a bhaint as an margadh aonair, ní mór dó beartas stóinseach tionsclaíoch a bheith aige.

### *Trádáil*

2. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go bhfuil sí tiomanta do chóras iltaobhach trádála atá oscailte agus bunaithe ar rialacha agus a bhfuil an Eagraíocht Dhomhanda Trádála ina chroílár. Creidimid go mór go bhfuil an tsaorthrádáil chóir ar cheann de na hinnill fáis is cumhachtaí dá bhfuil ann; tacaíonn sí leis na milliúin post agus cuireann sí leis an rathúnas. Molann an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí dul chun cinn sa chaibidlíocht reatha uile le haghaidh comhaontuithe saorthrádála a bheadh uaillmhianach agus cothrom, go háirithe le Meicsiceo agus le Mercosur. Is fada léi go síneofar agus go gcuirfear i gcrích na comhaontuithe leis an tSeapáin agus le Singeapór. Breathnóidh an Coimisiún ar an gcaoi le forfheidhmiú na ngealltanas arna dtabhairt ag tríú tíortha a threisiú. Leanfaidh an tAontas air ag saothrú beartas stóinseach trádála, ag cur luachanna agus caighdeáin an Aontais chun cinn ó cheann ceann an domhain agus ag féachaint le cothrom na Féinne a áirithiú do chách. Ós amhlaidh atá, iarrann an Chomhairle Eorpach ar na comhreachtóirí dul chun cinn a dhéanamh maidir leis na tograí reachtacha atá ar feitheamh i réimsí na hinfheistíochta agus an tsoláthair phoiblí.

3. Is oth leis an gComhairle Eorpach cinneadh na Stát Aontaithe go bhfuil sé ar intinn acu taraifí allmhairithe a fhorchur ar chruach agus ar alúmanam. Ní féidir na bearta seo a chosaint ar bhonn na slándála náisiúnta, ná ní leigheas iomchuí í an chosaint uile-earnála sna Stáit Aontaithe ar na fadhbanna ró-acmhainne atá ann, dáiríre, fadhbanna a bhfuil lánchomhar tairgthe ag an Aontas do na Stáit Aontaithe cheana féin ina leith i bhfóraim éagsúla, lena n-áirítear an Fóram Domhanda. Tugann sí dá haire go bhfuil díolúine maidir le lastais chruach agus alúmanaim ón Aontas Eorpach ó raon feidhme na mbeart sin, agus iarrann sí go gcuirfí an díolúine sin ar bhonn buan. Tacaíonn an Chomhairle Eorpach go mór leis na céimeanna atá tugtha ag an gCoimisiún chun a áirithiú go ndéanfar leasanna an Aontais a chosaint go huile agus go hiomlán agus na cearta atá aige a fhorchoimeád, agus rialacha na hEagraíochta Domhanda Trádála á gcomhlíonadh: is é sin freagairt de réir mar is iomchuí do na bearta atá déanta ag na Stáit Aontaithe. Meabhraíonn an Chomhairle Eorpach a thiomanta atá sí do dhea-chaidreamh trasatlantach arb é cloch choirnéil na slándála agus an rathúnais é, ag na Stáit Aontaithe agus ag an Aontas Eorpach, agus cuireann sí i dtreis go dtabharfaidh sí tacaíocht d'idirphlé faoi shaincheisteanna trádála ar ábhar leasa choitinn iad.

***An Seimeastar Eorpach***

4. Formhuiníonn an Chomhairle Eorpach na réimsí tosaíochta beartas a leagtar amach sa Suirbhé Bliantúil Fáis agus iarrann sí ar na Ballstáit iad a léiriú sna cláir náisiúnta um athchóiriú agus sna cláir um chobhsaíocht nó um chóineasú atá le teacht uathu. Formhuiníonn an Chomhairle Eorpach freisin an dréachtmholadh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro.

***Saincheisteanna sóisialta***

5. Is coimitmint agus freagracht chomhroinnte pholaitiúil ag an Aontas agus ag na Ballstáit beart a dhéanamh de bhriathar cholún Eorpach na gceart sóisialta. Déanfar faireachán ar chur i bhfeidhm an cholúin, agus tabharfar aird chuí ar inniúlachtaí an Aontais agus na mBallstát faoi seach. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle scrúdú a dhéanamh ar na tionscnaimh a thíolaic an Coimisiún faoin bpacáiste Cothromaíochta Sóisialta, lena n-áirítear an togra maidir le hÚdarás Eorpach Saothair.

## II. ÁBHAIR EILE

***Comhaontú Pháras***

6. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún togra le haghaidh straitéis de chuid an Aontais a thíolacadh, faoin gcéad ráithe de 2018, maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais a laghdú go fadtéarmach i gcomhréir le Comhaontú Pháras, agus lena gcuirfí san áireamh na pleananna náisiúnta.

***An Eoraip Dhigiteach***

7. Ní mór do líonraí sóisialta agus d'ardáin dhigiteacha a ráthú go mbeidh cleachtais thrédhearcacha ann agus go gcosnófar príobháideacht agus sonraí pearsanta na saoránach. Ní mór reachtaíocht an Aontais agus an reachtaíocht náisiúnta a urramú agus a fhorfheidhmiú. Pléifidh na Cinn Stáit nó Rialtais an cheist mhór seo agus ceisteanna eile a bhaineann leis an Eoraip Dhigiteach, lena n-áirítear glacadh na n-ionstraimí reachtacha uile lena mbunaítear an margadh aonair digiteach in 2018, agus le cur chun cinn an taighde agus na nuálaíochta, ina measc: an intleacht shaorga agus cé mar is féidir tacú leis an nuálaíocht cheannródaíoch agus le forbairt na scileanna digiteacha, ag an gcruinniú neamhfhoirmiúil i Sóifia i mí na Bealtaine.

***Na Balcáin Thiar***

8. I bhfianaise Theachtaireacht an 6 Feabhra 2018 ón gCoimisiún, tá an Chomhairle Eorpach:

- ag tnúth leis an gcruinniú mullaigh idir an tAontas agus na Balcáin Thiar atá le tionól i Sóifia ar an 17 Bealtaine 2018 ina mbeifear ag díriú, meastar, ar pheirspictíocht Eorpach na mBalcán Thiar a athdhaingniú, ar thionscnaimh nithiúla infheicthe a sheoladh chun feabhas a chur ar an nascacht fhisiceach agus dhaonna laistigh den réigiún agus laistigh den Aontas, agus ar bhealaí a bhféadfaí oibriú níos fearr le chéile maidir le dúshláin chomhroinnte amhail an tslándáil agus an imirce;

- ag dearbhú go ndíreoidh an Chomhairle ar an méadú i mí an Mheithimh.

***Ionsaí Salisbury***

9. Cáineann an tAontas glan amach an t-ionsaí a rinneadh in Salisbury. Déanann sé comhbhrón ó chroí leis na daoine sin ar cuireadh a mbeatha i mbaol agus tabharfaidh sé tacaíocht don imscrúdú atá ar siúl. Aontaíonn sé le measúnú rialtas na Ríochta Aontaithe gur rídhócha gurb í Cónaidhm na Rúise a bhí freagrach as an ionsaí agus nach bhfuil míniú inchreidte eile ann ar an scéal. Seasaimid gualainn ar ghualainn leis an Ríocht Aontaithe in éadan an dúshláin mhóir seo a cuireadh faoinár slándáil chomhpháirteach.

10. Níl sé inghlactha, beag ná mór, i ndálaí ar bith, go mbainfí úsáid as airm cheimiceacha, lena n-áirítear go mbeadh ceimiceáin thocsaineacha á n-úsáid mar airm. Tá a leithéid le cáineadh go córasach agus go géar óir is bagairt slándála orainn ar fad é. Rachaidh na Ballstáit i gcomhar le chéile maidir leis an meabhair a bheidh le baint as na freagraí a thabharfaidh údaráis na Rúise. Coinneoidh an tAontas Eorpach súil ghéar ar an scéal seo agus ar gach a n-eascróidh as.

11. Ós mar sin atá, ní mór don Aontas Eorpach an teacht aniar atá ann a neartú ar rioscaí a bhaineann le hábhair cheimiceacha, bhitheolaíocha, raideolaíocha agus núicléacha, lena n-áirítear trí chomhar níos dlúithe a bheith ann idir an tAontas Eorpach agus na Ballstáit, agus idir é agus ECAT. Ba cheart cumas an Aontais Eorpaigh gona Bhallstáit a neartú i dtaca le tabhairt faoi bhagairtí hibrideacha, lena n-áirítear bagairtí i réimsí an chibearsféir, na cumarsáide straitéisí agus na frithfhaisnéise. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí an obair sin a bhrostú agus tuairisc a thabhairt, idir seo agus Comhairle Eorpach mhí an Mheithimh, ar an dul chun cinn.

***Gníomhartha na Tuirce sa Mheánmhuir Thoir agus sa Mhuir Aeigéach***

12. Cáineann an Chomhairle Eorpach go géar na gníomhartha neamhdhleathacha leanúnacha atá á ndéanamh ag an Tuirc sa Mheánmhuir Thoir agus sa Mhuir Aeigéach agus cuireann sí a dlúthpháirtíocht iomlán leis an gCipir agus leis an nGréig i dtreis.

13. Agus conclúidí mhí Dheireadh Fómhair 2014 agus Dearbhú an 21 Meán Fómhair 2005 á meabhrú di, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an Tuirc éirí as na gníomhartha sin láithreach bonn agus cearta ceannasacha na Cipire a cuid acmhainní nádúrtha féin a thaiscealadh agus a shaothrú i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta a urramú.

14. Sa chomhthéacs seo, meabhraíonn sí go bhfuil sé d'oibleagáid ar an Tuirc an dlí idirnáisiúnta agus an dea-chaidreamh comharsanachta a urramú, agus an caidreamh le Ballstáit uile an Aontais, lena n-áirítear Poblacht na Cipire, a chur ina cheart arís.

15. Tá sé curtha in iúl ag an gComhairle Eorpach go bhfuil an-imní uirthi faoi shaoránaigh de chuid an Aontais a bheith fós á gcoinneáil sa Tuirc, dhá shaighdiúir Ghréagacha ina measc, agus iarrann sí ar an Tuirc an cheist seo a réiteach i gcomhphlé leis na Ballstáit.

16. Coinneoidh an Chomhairle Eorpach na hábhair seo faoi bhreithniú.